Sanctioned by the Commissioners for School Use.

Ceaċta Sgoile

Cuid a Dó

Peadar Ó Caṫáin
do sgríoḃ

Coṁluċt Oideaċais na hÉireann, Teóranta,
Baile-Áṫa-Cliaṫ agus Béal Feirsde.

PB
1225
.023
1900z

Sanctioned by the Commissioners for School Use

Ceaċta Sgoile

Cuid a Dó

Peadar Ó Caṫáin

do sgríoḃ

BOSTON COLLEGE LIBRARY
CHESTNUT HILL, MASS.

7th EDITION.

Coṁluċt Oideaċais na hÉireann, Teó.,

Baile-Áṫa-Cliaṫ agus Béal Feirsde.

PB
1225
.O23
1900z

159172

Preface.

My remarks in Preface to Part I apply also to the lessons in this book. The lessons are much more difficult, and their successful teaching calls for a more careful preparation. All new grammatical features are indicated by heavy line at top of lessons.

P. O C.

Scheme of Lessons.

LESSONS		PAGE
39–41.	Past tense of verbs, 1st, 2nd, and 3rd persons, singular number ..	1
42–44.	Plural of nouns and adjectives, 1st, 2nd, 3rd, and 4th Declensions ..	4
45–49.	Eclipses	8
50.	Use of ꞇuaꞅ, ꞇíoꞅ, ꞅuaꞅ, ꞅíoꞅ, anuaꞅ, aníoꞅ	13
51.	Use of ꞇall, anonn, anall ..	14
52–54.	Prepositional pronouns derived from ċuiᵹ, aꞃ, ꝼá, le	15
55–57.	Numbers, cardinal and ordinal ..	18
58-59.	Insertion of h and n	22
60–62.	Past tense of verbs, 1st, 2nd, and 3rd persons, plural number ..	24
63–65.	Prepositional pronouns derived from ꝺe, ꞃoiṁ, ꞇaꞃ	27
66.	Verbal noun and verbal adjective	31

LESSONS		PAGE
67–69.	Present tense of verbs, 1st, 2nd, and 3rd persons, singular number ..	33
70–72.	Genitive case of nouns and adjectives, 1st, 2nd, and 3rd declensions ..	37
73–74.	Use of verbal noun and compound prepositions	40
75–77.	Present tense of verbs, 1st, 2nd, and 3rd persons, plural number ..	43
78.	A Story	46

ceaċt XXXIX.

d'innis sé duḃairt sé do ṁarḃuiġ sé
coill nead bréag náire

Ar éiriġ Tomás Ó Ḃrian indiú? D'éiriġ. Ar ċuir sé a ċóta air? Do ċuir. Ar ḟan sé istiġ ins an teaċ? Níor ḟan; aċt do ṡiuḃal sé go dtí an ċoill. D'ḟéaċ sé suas ar ċrann agus ċonnaic sé nead ann. Rug sé ar ċloiċ agus do ċaiṫ sé suas í. Níor ḃuail sé an nead aċt do ḃuail sé éan a ḃí innti. Duḃairt sé gur ṁarḃuiġ sé an t-éan aċt níor ṁarḃuiġ. Duḃairt sé gur ḃuail sé an nead freisin agus gur ṫuit sí anuas. Ar ṫóg sé i n-a láiṁ í? Níor ṫóg, mar níor leag sé ċos ar biṫ í. Ar innis sé bréag? D'innis, agus duḃairt sé nár innis sé bréag riaṁ. Is mór an náire dó é.

Ceaċt XL.

do ḃaineas	do ḃearras	do ṗiocas
ċuadas	céad-ṗroinn	préaċán
gob	urċar	fata

Maidin Dia Céadaoin d'éiriġeas ar a sé a ċlog. Do ċuireas orm mo ċuid éadaiġ, do ḃearras mé féin agus d'iṫeas mo ċéad-ṗroinn. D'ḟéaċas amaċ agus ċonnaiceas préaċán mór agus fata i n-a ġob aige. Rugas ar mo ġunna agus do ċaiṫeas leis. Níor ṁarḃuiġeas é aċt do ċuireas grán ann agus is beag nár ṫuit sé. Ḃí m'aṫair i n-a luiḋe ar a leabaiḋ agus ċuala sé an torann. "Céard sin?" ar seisean. "Urċar do ċaiṫeas le préaċán," arsa mise. Duḃras leis go raiḃ fata i n-a ġob aige, agus nár

ṁarḃuiġeas é, aċt gur ċuireas grán ann agus gur leagas an fata. Annsoin ċuadas amaċ agus do ḃaineas fataí, aċt níor ṗiocas iad.

Ceaċt XLI.

d'iṫ<u>is</u> do niġ<u>is</u> do ḟeaċa<u>is</u> d'ḟill<u>is</u>

A Ṡeaġáin, a ṁic, is olc án buaċaill tú. Ní raḃais ar scoil indé. D'ḟanais in do leabaiḋ go dtí an deiċ a ċlog. Annsoin d'éiriġis go mall agus do leiġis ort féin go raḃais tinn. Níor iṫis do ċéad-ṗroinn agus níor ḟeaċais ar do leaḃar. Duḃairt d'aṫair liom nár niġis d'éadan agus nár ġlanais do ḃróga, aċt gur ḟanais in do ṡuiḋe ar ċaṫaoir go dtí an trí a ċlog. Duḃairt sé gur ċuiris do ċaipín ort

annsoin agus gur ḃuailis amaċ gan bróga, gan cóta, agus nár ḟillis go dtí an oiḋċe. Mo náire tú, a Ṡeaġáin.

Ceaċt XLII.

na fóid ṁóra — na leaḃair ġorma
na túláin beaga — na páipéir bána
na buidéil follaṁa — na capaill duḃa
na cupánaiḃ bána — na garúraiḃ óga
na buidéalaiḃ duḃa

Do ṫóg Úna na fóid ṁóra agus do ċuir sí ar an teine iad. Do ġlan sí na cluig beaga agus na buird árda agus na stólta fada. D'fosgail sí na leaḃair ġorma agus do sgar sí na páipéir bána ar an urlár. Do niġ sí na cupáin salaċa agus na buidéil follaṁa. Do líon sí na

túláin ḃeaga agus na corcáin ṁóra le uisge. D'ḟéaċ sí amaċ agus ċonnaic sí na h-uain bána ag riṫ, agus na gandail ṁóra ag snáṁ, agus na fir láidre ag cainnt, agus na capaill ḋuḃa ag iṫe. Do ċuir sí na pinn ġéarra agus na pinn-luaiḋe fada ins na cupánaiḃ bána. Ní raiḃ leaḃair ag na garúraiḃ óga. Ní raiḃ bainne ins na buidéalaiḃ duḃa, aċt ḃí uisge ins na túlánaiḃ agus ins na corcánaiḃ.

CEAĊT XLIII.

na bróga duḃa   na fuinneóga móra

na páirceanna beaga

na cloċaiḃ glasa   na sgeaċaiḃ loma

na craoḃaċaiḃ árda

Tá mo ċosa tinn agus ní féidir liom mo ḃróga duḃa do ċur orm.

inde, do ġlanas na fuinneoga móra agus do ḃriseas na cloċa beaga. Ḃí mo ṁéaraċa agus m'ordóga salaċ, agus ḃí mo láṁa fuar. Do niġeas mo ṁéaraċa agus do ḃuaileas mo láṁa ar mo ġlúnaiḃ. Ċuaḋas amaċ agus ċonnaiceas na muca ins an stábla agus na ba ins na páirceannaiḃ. Ḃí na páirceanna beaga bán le sioc, aċt ní raiḃ sioc ar biṫ ar na cloċaiḃ glasa. Ḃí na sprideóga i n-a seasaṁ ar na sgeaċaiḃ loma, agus ní raiḃ duilleaḃar ar na craobaċaiḃ árda. Ḃí mo láṁa in mo ṗócaiḃ agus mo ċaipín ar mo ċluasaiḃ agus níor airiġeas an fuaċt. Nuair a ṫángas isteaċ do ṫógas na sgeana de'n urlár agus d'ḟosglas na leitireaċa. Ḃí na mná ag caint.

Ceaċt XLIV.

caipíní deasa	báisíní glana
lampaí geala	na stóltaiḃ fada
na ballaíḃ bána	na buaċaillíḃ beaga

Ḃí Máire ar scoil inné agus ċonnaic sí caipíní deasa agus cótaí móra ins an halla. Ins na seomraiḃ ḃí lampaí geala agus báisíní glana croċta ar na ballaíḃ bána. Ḃí málaí ag na buaċaillíḃ beaga agus ḃí boscaí ag na cailíníḃ. Ḃí cipíní dearga istiġ ins na boscaíḃ. Ḃí hataí árda ar na múinteoiríḃ. Ḃí pictiúirí deasa ins an scoil ṁóir agus cártaí gorma ar na stóltaiḃ fada. Ní raiḃ doċtúirí ná tailliúirí ná bádóirí ins an scoil. Ḃí na múinteoirí ag obair go cruaiḋ. Ċonnaic Máire na feilmeoirí. Ḃí píopaí móra fada aca agus crúisgíní lán le bainne.

ceaċt XLV.

mb

ár mbuidéil ḃur mbróga a mbáiríní

A Ḃríġid, is iad seo ár mbuidéil agus is iad seo ár mbróga. A Ṁiċíl agus a Ṁártain, is iad sin ḃur mbróga. Do ċuir Úna duḃaċ i n-ár mbuidéalaiḃ. Níor ċuir sí duḃaċ in ḃur mbrógaiḃ. Deir Miċeál agus Mártan nár ċuir Úna duḃaċ i n-a mbrógaiḃ aċt gur ċuir sí uisge i n-a mbáiríníḃ. An ḃfuil ḃur mbuidéil agus ḃur mboscaí follaṁ, a ḃuaċaillí? Tá ár mbuidéil follaṁ, aċt tá ár mboscaí lán de ċailc. Níl ár mbónaí ins na boscaíḃ; tá siad ar na bordaiḃ. Duḃairt siad go ḃfuil a mbónaí ar na bordaiḃ agus naċ ḃfuil siad ins na boscaíḃ.

Ceaċt XLVI.

gc

ár gcaipíní   bur gcorcáin

a gcrúisgíní

Ḃí ár gcótaí agus ár gcaipíní crochta ins an halla inné. Ḃí ár gcasúir ṫroma ag an doras mór. Ṫáinig Máire isteach agus do ġearr sí ár gcótaí le deiṁeas agus d'ḟág sí ár gcaipíní ar an urlár. Ḃí bur gcorcáin ṁóra ag an teine agus bí bur gcailc ins na boscaíḃ. Do ḃris sí bur gcorcáin le n-ár gcasúr-aiḃ agus d'ḟág sí bur gcupáin fá bur gcaipíníḃ ins an halla. Duḃairt Eiḃlín agus Úna gur ṁill Máire a gcótaí le cailc agus gur líon sí a gcrúisgíní le uisge. Do ṫóg sí ár gcasúir agus do ċuir sí in bur gcorcánaiḃ iad.

Ceaċt XLVII.

ng   nd

ar an gcaṫaoir   ag an ngeata

ár ndúidíní

Tá mo ḋúidín in mo ḋorn agus tá do ḋúidín-se in do ḋorn-sa, a Ṡéamuis. Tá ár ndúidíní i n-ár ndornaiḃ. An ḃfuil ár ndúidíní ar an mbord? Níl ḃur ndúidíní ar an mbord aċt tá siad in ḃur ndornaiḃ. A Eiḃlín agus a Úna, an ḃfuil pócaí in ḃur ngúnaiḃ? Níl pócaí i n-ár ngúnaiḃ. Tá na cailíní i n-a suiḋe ar an gcaṫaoir. Duḃairt siad naċ ḃfuil pócaí i n-a ngúnaiḃ aċt go ḃfuil a bpinn ins an mbosca. Tá a ndoirn ar a nglúnaiḃ agus tá a gcótaí ar a nguailniḃ. Is é sin ár gcapall ag an ngeata. Fosgail an geata agus leig isteaċ é. Tá sé ag an doras anois.

Ceaċt XLVIII.

bf

ar an bfuinneóig   ins an bfíon

ag an bfear

D'ḟág na garsúin an ġloine ar an bfuinneóig agus tá uisge ins an ngloine. Do líon Úna an cupán le fíon agus do ċuir sí siúcra ins an bfíon. Níl blas searḃ ar an bfíon anois aċt tá blas milis air. Tá cóta fada ar an bfear mór agus níl cóta ná bóna ar an bfear beag. Ṫáinig na cailíní isteaċ ó'n ngeata agus d'ḟág siad a bfilléid ins an halla. Naċ bfuil bur bfilléid ar an bfuinneóig? Níl; tá ár bfilléid croċta ar an mballa amuiġ ins an halla. Tá éan mór ar an bfuinnseóig atá ag fás ins an ngort. Tá gunna ag an bfear mór.

Ceaċt XLIX.

bp

ḃur bpócaí   ár bpíopaí

fá'n bpáipéar

A Ṗeadair agus a Ṗádraic, an bfuil ḃur bpócaí lán? Níl ár bpócaí lán, aċt tá ár bpíopaí i n-ár bpócaíḃ agus tá tobac i n-ár mboscaíḃ. Deir Peadar agus Pádraic go bfuil a bpíopaí i n-a bpócaíḃ agus go bfuil tobac i n-a mboscaíḃ. An bfuil ḃur bpinn agus ḃur bpinn-luaiḋe ar an bfuinneóig? Níl; d'ḟág Art ar an bpáipéar iad. An fá'n bpáipéar atá ḃur bpíopaí? Ní h-eaḋ; is i n-ár bpócaíḃ atá ár bpíopaí. Naċ iad sin ḃur mba ins an bpáirc ġlais? Ní h-iad; aċt is iad sin ár mba ar an mbóṫar.

ceaċt L.

ṫuas ṫíos suas síos anuas aníos.

Tá Taḋg agus Séamus agus Pádraic agus mise ṫuas ar an stól. A Ṫaiḋg, tá Úna agus Eiblín ṫíos ar an urlár. Cá bfuil sinne, a Ṗádraic? Tá sinne ṫuas ar an stól. Agus cá bfuil Úna agus Eiblín? Tá Úna agus Eiblín ṫíos ar an urlár. Téiriġ síos ar an urlár, a Ṗádraic. Tá Pádraic ag dul síos ar an urlár, a Ṫaiḋg. Téiriġ suas ar an mbord tusa, a Ṡéamuis. Tá Séamus ag dul suas ar an mbord. An bfuil mise ag dul síos, a Ṫaiḋg? Níl tusa ag dul síos. An bfuil tusa ag dul suas? Níl mise ag dul suas. Cá bfuil Pádraic agus Séamus, a Ṫaiḋg? Tá Pádraic ṫíos ar an urlár agus

tá Séamus tuas ar an mbord. Ṫar anuas, a Ṡéamuis. Tá Séamus ag teaċt anuas. Ṫar aníos ṫusa, a Ṗádraic. Tá Pádraic ag teaċt aníos.

ċeaċt LI.

annso ṫall anonn anall

Tá Máire agus Síġle agus mise annso ag an teine. Tá Nóra i n-a suiḋe ar an stól ṫall ag an bfuinneóig. Téiriġ anonn ċuig Nóra, a Ṁáire. Tá Máire ag dul anonn ċuig Nóra. Tá sí ṫall anois. An bfuil tusa ṫall ag an bfuinneóig, a Ṡíġle? Níl mise ṫall ag an bfuinneóig; tá mise annso ag an teine. An bfuil Máire ag dul anonn? Níl sí ag dul anonn; tá sí ṫall. Ṫar anall ṫusa, a Nóra. Tá Nóra ag

teaċt anall. An í Máire atá ag teaċt anall? Ní hí; is í Nóra atá ag teaċt anall. Naċ í atá tall ag an bfuinneóig? Ní hí; is í Máire atá tall ag an bfuinneóig.

Ceaċt LII.

ċugam ċugat ċuige ċuici
ċugainn ċugaiḃ ċuca

A Ṫomáis, téiriġ amaċ ċuig Seaġán. Tá Seaġán amuiġ ag an ngeata agus tá Tomás ag dul amaċ ċuige. Ḃí sean-ḃean ins an halla agus ċuaiḋ Máire amaċ ċuici. A Liaim, tá tusa tall ag an bfuinneóig agus tá Mártan ag dul anonn ċugat. Tá mise ag an teine agus tá Conn ag teaċt i leiṫ ċugam. Tá Tomás agus Seaġán amuiġ ag an

ngeata agus tá an t-sean-ḃean a ḃí ins an halla ag dul amaċ ċuca. A Ṡíġle agus a Nóra, tá siḃ-se ag an doras agus níl aon duine ag dul ċugaiḃ. Tá Conn agus mise ag an teine agus tá Aoḋ ag teaċt i leiṫ ċugainn.

Ceaċt LIII.

orainn	oraiḃ	orṫa
fúinn	fúiḃ	fúṫa

Tá do ḃróga ort-sa, a Ḃríġid, agus tá mo ḃróga orm-sa. Tá ár mbróga orainn. Tá bur mbróga oraiḃ-se freisin, a ċailíní. An bfuil bur hataí oraiḃ? Níl, aċt tá ár mbróga orainn. Deir siad go bfuil a mbróga orṫa aċt naċ bfuil a hataí orṫa. A Ḃríġid, tá an

páipéar fúinn. Níl an páipéar fúib, a ċailíní. An bfuil páipéar ná mála fúib? Níl, aċt tá an t-urlár fúinn. Deir siad naċ bfuil páipéar ná mála fúta, aċt go bfuil an t-urlár fúta.

CEAĊT LIV.

linn	lib	leo
i ndorn	i mbosga	i ngloine

Tá peann i ndorn Eiblín. Ní i bpóca Úna atá sé. A Ṗádraic, is leat-sa an sgian sin agus is liom-sa an sgian seo. Do ċuireas i mbosca Úna iad. Ní le Úna na sgeana aċt is linn iad. A Nóra agus a Eiblín, an lib na sgeana atá i mbosca Úna? Ní linn, aċt is lib-se iad. Deir Nóra agus Eiblín naċ leo na sgeana

atá i mbosca Úna. An linn na leaḃair dearga atá i mbáirín Airt? Ní linn aċt is le na cailíníḃ iad, agus is leo an páipéar atá i ngloine Nóra freisin.

Ceaċt LV.

againn agaiḃ aca seaċt bpinn
oċt gcinn naoi gcártaí deic gcnaipí

Tá aon ṗeann amáin agam-sa agus tá dá ṗeann agat-sa, a Ṫaiḋg. Tá trí pinn againn. Níl ceiṫre pinn agaiḃ, a Ṁiċil agus a Ṁártain, aċt tá cúig cártaí agaiḃ. An bfuil sé píopaí aca? Níl, aċt tá ceiṫre cártaí aca. Do ċuir Úna trí cipíní ins an mbosca agus do ċuir Síġle ceiṫre cinn ann. Tá seaċt gcipíní

ins an mbosca anois. Níl naoi gcártaí ann. Ḃí oċt gcinn ann indé aċt do ġearras ceann aca. Tá seaċt bpinn ar an mbord anois. Ḃí aon ċnaipe déag ag Tomás indé. Do ċaill sé ceann agus níl aige anois aċt deiċ gcnaipí.

Ceaċt LVI.

oċt leabair ḋéag   cúig pinginn ḋéag

naoi gcipíní ḋéag

Ḃí oċt leabair ḋéag agam agus do ḋíolas cúig cinn aca ar trí pinginn an ceann. Fuaireas cúig pinginn ḋéag orra. Ḃí trí leabair ḋéag fágṫa agam agus do ḋíolas iad ar pinginn an ceann. Fuaireas sgilling agus pinginn orṫa. Ḃí dá

sgilling agus tuistiún agam annsoin. Do ċeannuiġeas seaċt bpinn déag ar leiṫ-ṗinginn an ceann, agus trí pinn luaiḋe ar pinginn an ceann, agus bosca cipíní ar leiṫ-ṗinginn. D'íocas sgilling orṫa, cé ṁéad a ḃí fágṫa agam? Ḃí sgilling agus tuistiún fágṫa agat. Ḃí seaċt gcipíní fiċead ins an mbosca agus ṫugas oċt gcinn do Ṫomás, cé ṁéad a ḃí fágṫa agam? Ḃí naoi gcipíní déag fágṫa agat.

Ceaċt LVII.

beirt	triúr	ceaṫrar	cúigear
dara	tríoṁaḋ	ceaṫraṁaḋ	cúigeaḋ

Tá beirt buaċaill ag an doras agus triúr ag an teine. Cé ṁéad

atá ann ar fad? Tá cúigear buaċaillí ann. Tá ceaṫrar cailíní ins an gcéad rang agus seisear ins an dara rang. Cé ṁéad cailíní ins an dá rang? Tá deiċneaḃar ins an dá rang. Má tá mór-ṡeisear sgoláirí ins an tríoṁaḋ rang agus oċtar ins an gceaṫraṁaḋ rang, cé ṁéad sgoláire ins an dá rang? Tá cúig sgoláirí déag. Tá naonḃar ins an gcúigeaḋ rang, duine ins an séaṁaḋ rang agus beirt ins an seaċtṁaḋ rang. Cé ṁéad ann ar fad? Tá dáréag ann. D'imṫiġ duine aca aḃaile. Cé ṁéad atá fágṫa? Tá aon sgoláire déag fágṫa. Tá trí sgoláirí déag ins an suiḋeaċán agus ceaṫrar ar an urlár. Cé ṁéad atá ann ar fad? Tá seaċt sgoláirí déag ann. Níl ins an sgoil anois aċt fiċe sgoláire.

ceaċt LVIII.

sé h-asail   trí h-uain   a h-aṫair
go h-Árainn   an dara h-uair
an tríoṁaḋ h-uair

Tá sé h-asail agus trí h-uain ag Nóra. Deir a h-aṫair gur léi iad. Naċ bfuil Nóra tinn? Níl, aċt tá a h-uille agus a h-asgall atṫa. Naċ le aṫair Nóra an capall bán? Ní leis, aċt is le uncul Úna é. An bfuil Úna ag dul go h-Albain? Níl, is go h-Árainn atá sí ag dul. An í seo an ċéad uair ḋi ag dul ann? Ní h-í. Is í seo an dara h-uair. An oileán mór Ára? Is eaḋ. Tá trí h-oileáin ann. Is í seo an tríoṁad h-uair ḋom ag dul ann agus bíos go h-an-tinn gaċ uair ag dul anonn dom.

ceaċt LIX.

ó n-a   le n-a   fá n-a   i n-ár

tré n-a   ár n-aṫair   a n-arán

bur n-uain   seaċt n-uain   oċt n-asail

naoi n-acraí   deiċ n-acraí

Cé leis an mála deas atá ag Úna? Is le n-a máṫair é. An le n-a máṫair an maide droiġin atá aice. Ní léi; is le n-a h-aṫair é. A Úna agus a Eiblín, an lib an teaċ mór atá sa mbaile? Ní linn, aċt is le n-ár n-aṫair agus le n-ár máṫair é. Deir siad gur le n-a n-aṫair agus le n-a máṫair an teaċ mór atá sa mbaile aca. Céard tá in bur málaiḃ agaiḃ? Tá ár n-arán agus ár n-im i n-ár málaiḃ againn. Deir siad go bfuil a n-arán agus a n-im i n-a málaiḃ aca. Tá seaċt n-uain

agus oċt n-asail i n-a ngort. Is le Máire iad. Fuair sí ó n-a h-aṫair iad. An bfuil mórán coirce curṫa agat, a Ṫomáis? Tá naoi n-acraí curṫa agam. Do ċeapas go raiḃ deiċ n-acraí ins an ngort mór. Níl, maise. Tá bur n-uain istiġ ins an gcoirce.

Ceaċt LX.

d'iṫeamar   do ṡiubalamar
do ċeannuiġeamar

Maidin indé, d'éiriġ mise agus mo ṁáṫair go moċ. D'iṫeamar leite agus d'ólamar bainne. Do réiḋtiġeamar sinn féin agus do ṡiubalamar go Béal an Áṫa. Connaiceamar siopaí móra agus fir árda agus mná deasa. Ċuaḋamar

isteaċ i siopa agus do ċeannuiġ-eamar hata agus caipín ann. Ċuadamar isteaċ i dteaċ agus d'iṫeamar ár ndinnéar ann. Nuair a tángamar 'abaile d'innsiġeamar do m'aṫair gur ċeannuiġeamar hata agus caipín, gur iṫeaṁar ár ndinnéar aċt nár ólamar tada, gur ṡiubalamar abaile aċt nár ṡiubal-amar go mear.

Ceaċt LXI.

ní rab<u>adar</u> gur caiṫ<u>eadar</u>
nár fág<u>adar</u>

A Ṫomáis agus a Ṁártain, ní rabadar ar sgoil indé. Ċualas go rabadar ṫuas ins an lios agus gur ḟanadar annsoin ar feadh an lae. Ċualas freisin gur ṫugadar píopa

agus tobac agus cipíní liḃ agus gur ċaiṫeaḃar tobac ann. Ċualas freisin gur ṫógaḃar teaċ beag ann. Níor léiġeaḃar ḃur leaḃair agus níor sgríoḃaḃar ḃur gceaċta. Ċualas gur ṫugaḃar arán liḃ aċt nár iṫeaḃar é, agus gur ċailleaḃar ḃur málaí. Ċonnaiceaḃar asal óg. Rugaḃar air agus ċuaḋaḃar ag marcuiġeaċt air. Ċualas gur ḃuaileaḃar go mór é agus nár ḟágaḃar slán é.

CEAĊT LXII.

D'ḟosgl<u>adar</u> gur sgríoḃ<u>adar</u>
nár léiġ<u>eadar</u>

Ḃí Máire agus Nóra annso go moċ ar maidin. D'ḟosgladar an doras agus ṫángadar isteaċ. Ḃí an t-urlár salaċ agus do ġlanadar

é. Ḃí leabair ar an mbord. Do ṫógadar iad agus do ċuireadar ar an bḟuinneóig iad. Ṫugadar móin isteaċ ar an halla agus do lasadar teine. Nuair a ṫáinig na sgoláirí eile bí an teine lasta. Ḃíodar fliuċ agus do ṫiormuiġeadar iad féin. Do ṫosuiġeadar ag obair agus níor stadadar go dtí an tráṫnóna. Duḃradar nár airiġ-eadar an lá ag dul tart; gur oibriġeadar go cruaiḋ; nár léiġ-eadar mórán aċt gur sgríoḃadar go leór.

Ceaċt LXIII.

díom	díot	de	di
dínn	díḃ	díoḃ	

Nuair a ṫángas ar sgoil do ḃaineas mo ċóta mór díom agus

ċonnaiceas garsún beag i n-a ṡuiḋe ar an suiḋeaċán agus a ċaipín air. 'Bain díot an caipín sin," arsa mise. Níor ḃain, aċt do ḃain mise ḋe é. Ṫáinig Úna isteaċ annsoin agus do ḃain sí a hata ḋi aċt níor ḃain sí a mála ḋi. Nuair a ṫáinig Séamus agus Páḋraic isteaċ do ḃaineadar a gcótaí díoḃ agus d'ḟágadar ag an teine iad. Ḃí an múinteóir ag obair aċt nuair a ċonnaic sé an ḃeirt ḃuaċaill gan cótaí ḃí iongnaḋ air. "Tuige ar ḃaineaḃar díḃ bur gcótaí"? ar seisean. "Ḃíodar fliuċ, a ṁáiġis-tir," ar siad-san; "naċ raiḃ an ceart againn iad do ḃaint dínn?" "Ḃí go cinnte," ars' an múinteóir.

ceaċt LXIV.

róṁam róṁat roiṁe roimpi
róṁainn róṁaiḃ rómpa

Ḃíos ar sgoil roiṁ Seaġán ar maidin. Go deiṁin, ní raiḃ duine ar biṫ annso róṁam. An raiḃ aon duine róṁat ag an ngeata, a Ṡeaġáin? Ní raiḃ, aċt ḃí tusa róṁam ins an sgoil. Ċonnaiceas Máire Ní Ċeallaiġ ag teaċt, aċt ḃí mise roimpi. Nuair a ṫáinig Máire isteaċ d'innis Seaġán di naċ raiḃ aon duine roiṁe aċt an máiġistir. "Naċ raiḃ Tomás leat ag dul síos an bóṫar?" arsa Máire. "Ḃí," arsa Seaġán. "An raiḃ aon duine róṁaiḃ?" arsa Máire. "Ní raiḃ, aċt ḃí na ba róṁainn. Ċuaḋadar isteaċ ins an ngort agus ċuaiḋ Tomás isteaċ rómpa," arsa Seaġ

Ceaċt LXV.

ṫarm ṫart ṫairis ṫairste
ṫarainn ṫaraiḋ ṫarsta

Ċuaiḋ m'aṫair go béal an áṫa ar maidin. Ċonnaic sé madaḋ mór agus do léim sé isteaċ ṫar an mballa nuair a ṫáinig m'aṫair i n-aice leis. D'eiteall préaċán ṫairis agus do ḃain sé geit as. Nuair a ḃí sé ag teaċt abaile connaic sé cailín beag agus í ag gol. "Céard tá ort, a ċailín big," ar seisean. "Ċuaiḋ Seaġán Ó Ceallaiġ amaċ ṫarm leis an gcapall agus an cárr agus níor ṫug sé marcuiġeaċt dom," ar sise. "Cé ċuaiḋ ṫart?" arsa m'aṫair. "Ċuaiḋ Seaġán Ó Ceallaiġ ṫarm," ar sise. Ċuaiḋ m'aṫair amaċ ṫairste freisin, aċt ḃí

deifir aḃaile air. Nuair a ḃí mise agus Tomás ag teaċt ar sgoil ḃí dá asal ar an mbóṫar. Do ċuireamar an madaḋ rómpa. Ċuaiḋ sé ṫarsta gan ṁoill agus do ċuir sé arais ċugainn iad. Nuair a ḃíodar ag dul ṫarainn do ḃuaileamar iad le maidíḃ. An raḃadar bacaċ ag dul ṫaraiḃ? Go deiṁin, ní raiḃ. Do riṫeadar go mear ag dul ṫarainn.

CEAĊT LXVI.

do sguabaḋ	sguabṫa
,, ġlanaḋ	glanta
,, ḟosgailt	fosgailte

Nuair a ṫáinig Mártan isteaċ ar maidin, duḃras leis an t-urlár do sguabaḋ agus an ḟuinneóg do

ġlanaḋ. Nuair a ḃí an t-urlár sguabṫa agus an ḟuinneóg glanta aige, duḃras leis an bosca d'ḟosgailt agus an ċailc do ṫógáil agus an focal "Gaeḋilge" do sgríoḃaḋ ar an gclár duḃ. Nuair a ṫáinig Úna isteaċ ċonnaic sí an bosca fosgailte agus an focal "Gaeḋilge" sgríoḃṫa ar an gclár duḃ. Duḃairt Mártan léi an bosca do ḋúnaḋ agus é d'ḟágail fá'n mbord. Ċoṁ luaṫ agus ḃí an bosca dúnta agus é fágṫa fá'n mbord aici, duḃras léi an teine do lasaḋ aċt gan a leaḃar do lasaḋ. Ḃí páipéir sgaipte ar an urlár agus duḃras léi iad do ḃailiuġaḋ. Ṫugas sgilling di agus duḃras léi milseáin do ċeannaċt. "Tá milseáin ceannuiġṫe agam-sa," arsa Seaġán. "Ceannuiġ ubla tusa, a Úna."

ceaċt LXVII.

bím　　ní ḟuiḋim　　go gcuirim
naċ bfágaim

Bím annso gaċ maidin ag an naoi a ċlog. Fosglaim an doras agus fágaim mo hata ar an bfuinneóig. Croċaim mo ċóta mór ins an halla. Tógaim amaċ an leabar agus sgríobaim m'ainm air. Glanaim an bord agus fosglaim na fuinneóga. Tosuiġim ag obair annsoin agus ní stadaim go dtí an trí a ċlog. Múinim Gaeḋilge agus Béarla. Ní ḟuiḋim síos ar fead an lae. Deir Tomás Ó Cuinn naċ bfágaim an sgoil agus naċ mbím ag obair ċor ar biṫ, aċt go gcuirim síos teine breaġ agus go suiḋim i n-a h-aice; go dtógaim amaċ leabar agus go

léiġim é. Deir sé freisin go leiġim amaċ na sgoláirí ag an dó a ċlog agus go ndúnaim an doras agus go gcodluiġim mo ṡáiṫ.

Ceaċt LXVIII.

ceapair ní ġlanair go mbuailir
naċ gcaiṫir

A Ṫomáis Uí Ċuinn, deirir naċ mbím-se ag obair ċor ar biṫ. Deirim-se leat-sa naċ mbír annso agus naċ ḃfuil fios agat an mbím ag obair nó naċ mbím. Ceapair go ḃfuil gaċ duine ċoṁ leisgeaṁail leat féin. Deir do ṁáṫair liom go ḃfanair in do leabaiḋ go dtí an deiċ a ċlog, go n-éiriġir go mall annsoin agus go n-iṫir do ċéad

proinn. Ní niġir do láṁa agus ní ġlanair do ḃróga. Deir sí liom go dtógair leaḃar agus go mbuailir amaċ agus go luiġir síos fá ċrann agus go léiġir Béarla. Creidim go ḃfuil dúil ṁór agat sa mBéarla agus go ḃfuil gráin agat ar an nGaeḋilg. Creidim go gcaiṫir do ċuid airgid ar leaḃraiḃ Béarla agus naċ gcaiṫir pinginn ruaḋ ar leabar Gaeḋilge.

Ceaċt LXIX.

niġeann sí   ní ṫéiḋeann sí
go mbácann sí   naċ ḃfágann sí

Bíonn Máire Ní Neaċtain i n-a suiḋe go moċ gaċ Saṫairn. Oibriġeann sí go cruaiḋ go dtí an

tráṫnóna. Tugann sí congnaḋ mór d'á máṫair. Glanann sí na sgeana agus na caṫaoireaċa agus niġeann sí na gréiṫí. Ní ṫéiḋeann sí ar cuairt, nó ní ḟágann sí an teaċ go mbíonn gaċ níḋ déanta aici. Cloisim go sguabann sí an t-urlár, go gcóiriġeann sí na leapṫaċa, go dtugann sí uisge isteaċ agus go mbácann sí arán. Creidim naċ bḟágann sí mórán le déanaṁ ag a máṫair agus naċ nglacann sí sgíṫ ċor ar biṫ. An oibriġeann sí ċoṁ cruaiḋ sin? Oibriġeann. An bḟóġluimeann sí tada? Ḟóġluimeann; ní stadann sí aċt ag ḟóġluim 'san tráṫnóna.

Ceaċt LXX.

an buird big . an buidéil ḋuiḃ
an ċupáin báin

Do sgríobas m'ainm ar ċlúdaċ an leabair ġuirm le bárr an ṗinn deirg. Annsoin, do ṫógas naipcín-póca Ṡéamuis agus do ġlanas cosa an buird big agus an stóil ḟada. D'ḟágas an peann dearg le h-ais an buidéil ḋuiḃ agus do ċuireas eoċair i nglas an dorais ṁóir agus d'ḟosglas é. Ḃí cloċ beag istiġ i bpoll an ġlais agus do ċasas an eoċair. Ṫugas buille casúir ṫruim do'n ġlas agus do ḃriseas é. Ḃí cos an ċupáin báin salaċ agus do niġ Máire í. Ċonnaiceas capall an fir ṁóir agus asal an ġasúir big ag ite féir ar taoiḃ an bóṫair. Ḃí

srian an ċapaill ḋuiḃ croċta ar an mballa agus ḃí diallaid an asail báin ar an urlár.

Ceaċt LXXI.

'na fuinneóige móire

na páirce glaise   na bróige duiḃe

Nuair do sroiċeas an sgoil ar maidin ḃí bárr na fuinneóige móire fosgailte. D'eiteall fuiseóg ḃeag isteaċ agus do luiġ sí ar bosca na cailce. Do rugas uirri agus ṫugas amaċ í. D'ḟágas i n-a seasaiṁ í ar ġéig na sgeiċe áirde a ḃí ag fás i lár na páirce glaise. Ḃí solus na gréine ag taiṫneaṁ ar ṫaoiḃ na cloiċe móire agus ḃí faoileán i n-a luiġe ar bior carraige a ḃí ar ḃruaċ na h-aille móire. Do ḃris

Tomás bárr na bróiġe duiḃe agus do ḃuaileas é le bárr na slaite caime. Ḃí hata na sean ṁná ar an mbord.

CEAĊT LXXII.

an doċtúra óig   an ṁúinteóra ṁóir
an táilliúra ḃig

Nuair a ṫáinig Seaġán Ó Murċaḋa abaile aréir ní raiḃ fód móna ins an teaċ. Ḃí bróga an ḃuaċalla ar an urlár agus é féin sínte ar an stól. Ḃí a láṁ ar ḃárr a ṡróine aige. "Éiriġ, a Aoiḋ," arsa Seaġán. "Ní ṫig liom," arsa Aoḋ, "tá cnáṁ mo ḋroma tinn." Nuair a ḃí Seaġán ag teaċt isteaċ connaic sé capall an doċtúra óig amuiġ ag an ngeata. Do ċuir an bádóir hata an ṁúin-

teóra ṁóir, agus cóta an táilliúra big agus bróga an ḟeilmeora air, agus ċuaiḋ sé ag marcuiġeaċt ar ċapall an doċtúra. Ní raiḃ fios ag na daoiníḃ an múinteóir, táilliúr, feilmeoir ná doċtúir a ḃí ann.

Ceaċt LXXIII.

ar tí an buird do ḃualaḋ

ag fosgailt na fuinneoige móire

tar éis na bróige duiḃe do ġlanaḋ

Nuair a ṫángas isteaċ ar maidin, ḃí Tomás ar tí an buird do ḃualaḋ le maide. Ḃí Máire ag glanaḋ an buidéil duiḃ agus ḃí sí tar éis an ḃáirín ḃáin d'ḟágáil fá'n mbord. Annsoin, do ṡuiḋ sí síos ar stól agus ḃí sí ar tí na bróige duiḃe do

ġlanaḋ. "A Ṁáire," arsa Tomás, "táim ag fosgailt na fuinneóige móire. Féaċ orm." "Féaċ orm-sa tusa," arsa Nóra, "táim tar éis na ḃróige duiḃe do ġlanaḋ." "Níl aon ṁaiṫ leat," arsa Tomás, "tá mise ag sguabaḋ an urláir agus níl tusa ag déanaṁ roda ar biṫ aċt ag cainnt." "Aċt tá mise tuirseaċ ag obair," arsa Nóra, "táim tar éis an túláin ṁóir do líonaḋ le uisge agus táim ar tí na móna do ṫabairt isteaċ le h-aġaiḋ na h-oiḋċe."

Ceaċt LXXIV.

os cionn na fuinneóige
le h-ais an dorais
trearsna páirce glaise

Ċuaiḋ sean-ḟear go baile mór aon lá amáin. Do ṡeas sé ar aġaiḋ

fuinneóige siopa. Ḃí bróga ar croċaḋ os cionn na fuinneóige agus d'ḟéaċ sé orra. Ḃí sé ar tí dul isteaċ ċum péire do ċeannaċt nuair a ċonnaic sé maide le h-ais an dorais. "Is deas an maide é sin le h-aġaiḋ sean-ḟir mar mise," ar seisean. Ċuaiḋ sé isteaċ agus do ċeannuiġ sé na bróga agus an maide. Ag dul aḃaile dó, do ṡiúḃal sé síos le cois na h-aiḃne agus treasna páirce glaise. Ċonnaic sé coinín agus do ċaiṫ sé an maide leis. Níor ḃuail sé é aċt do ḃris sé an maide agus do ṫuit sé féin i ndiaiḋ a ċinn. I gceann tamaill d'éiriġ sé i n-a ṡeasaṁ. Do ṡiúḃal sé aḃaile agus ar feaḋ a ṡaoġail arís níor ċaiṫ sé a ṁaide le coinín.

Ceaċt LXXV.

bainimíd   ní ḟéaċaimíd   go mbímíd

tógaimíd   ní ḃacaímíd

naċ nglacaimíd

A Ċormaic, bíonn sinne annso gaċ lá. Bainimíd ár hataí ḋínn agus fágaimíd insan halla iad. Siúḃalaimíd isteaċ agus tógaimíd amaċ ár leaḃair. Tosuiġimíd ag foġluim. Ní ḟéaċaimíd ṫart orainn agus ní ḃacaimíd le aon duine. Deir Seaġán Ó hEiḋin naċ ḃfuil ár leiṫéid le fáġail. Deir sé go n-oibriġimíd ó Luain go Saṫairn agus naċ ngnímíd dearmad ar ṫada. "Go deiṁin, a Ḃriain," arsa Cormac, "ní ċeapaim-se go n-oibriġimíd ċom cruaiḋ sin. Naċ dtéiġimíd ag bualaḋ báire gaċ traṫnóna, agus i ndiaiḋ sin naċ

siúḃalaimíd ṫríd na páirceannaiḃ? Tar éis dul aḃaile ḋúinn san oiḋċe naċ nglacaimíd sgíṫ? Ceapann Seaġán go mbímíd ag obair i gcóṁnuiḋe."

Ceaċt LXXVI.

léiġeann siḃ	ní ċailleann siḃ
go mbuaileann siḃ	sgríoḃann siḃ
ní ḃíonn siḃ	naċ ḃfágann siḃ

A Ċormaic agus a Ḃriain, is maiṫ na buaċaillí siḃ. Níl bur mbualaḋ ins an tír agus is truaġ liom gan níos mó de ḃur sórt annso. Ġníonn siḃ gaċ rud go ceart. Léiġeann siḃ go breaġ, fearaṁail. Labruiġeann siḃ go deas múinte agus sgríoḃann siḃ go maiṫ. Ní ċailleann siḃ ḃur bpinn agus ḃur leaḃair mar ḋaoiníḃ eile agus ní ḃíonn siḃ deiridhnaċ ar

maidin aċt an oiread. Deir ḃur n-aṫair liom go ḃfóġluimeann siḃ go leór sa mbaile gaċ oiḋċe, agus nuair a ḃíonn siḃ réiḋ go mbuaileann siḃ amaċ ag bualaḋ báire. Aċt creidim naċ ḃfágann siḃ an teaċ go mbíonn ḃur gcuid oibre déanta agaiḃ.

Ceaċt LXXVII.

bainid	ní ḟágaid	go gcuirid
beirid	ní ḟanaid	naċ gcuirid

Ins an ḃfóġṁar oibriġeann na feilmeoirí go cruaiḋ. Bainid a gcuid coirce agus ḃéaraid isteaċ ins an ngarḋa é. Ġníd stácaí de ċuid de agus buailid an ċuid eile. Ḃéaraid an grán do na capallaiḃ le n-iṫe agus cuirid an tuiġe ar na stácaiḃ. Ní ḟágaid amuiġ ins an

ngort é ná ní ḟanaid i n-a gcóṁnuiḋe tar éis é beiṫ istiġ aca. I nDeireaḋ an Ḟóġṁair bainid na fataí agus cuirid i bpollaiḃ iad. Cuirid créfóg orra annsoin agus fágaid 'mar sin iad ar feaḋ an ġeiṁriḋ. Deirid go ḃfuil coirce an-ṁaiṫ aca i mbliaḋna aċt go ḃfuil na fataí beag agus lobṫa.

Sgéal.

Ba ḃreaġ an saoġal a ḃí ag Niall Ó Briain agus ag a ḋeirḃṡiúr ḃig, Nóra,—aċt ar nDóiġ is breaġ é saoġal páirtí de ġnáṫaċ. Do ṁair-eadar seo, Niall agus Nóra, i mbaile beag i n-iarṫar na h-Éireann, ag cois na fairrge. Ní raiḃ sliġe beaṫa ag muintear an ḃaile aċt iasgaireaċt, agus b'é Eoġan Ó

Briain an t-iasgaire do b'ḟeárr agus an bádóir ba ċliste a ḃí ins an mbaile. Ní raiḃ de ċlann ná de ċúram air féin ná a ṁnaoi aċt Niall agus Nóra. An lá naċ raiḃ na páistí ag imirt ar an tráiġ ḃíodar ag rompa leo ar an gcnoc imeasg an ḟraoiċ agus an raiṫniġ. Aon lá aṁáin do ṫrialladar leo ag piocaḋ sméara ar ṫaoiḃ an t-sléiḃe. Ḃí madaḋ beag aca dar b'ainm dó "Ciaróg" agus ḃíoḋ sé i gcóṁnuiḋe le na gcosaiḃ. Ḃíodar ag imṫeaċt an lá seo, agus Ciaróg leo, suas ar ṫaoiḃ cnuic agus anuas an taoiḃ eile go raḃadar tuirseaċ. D'ḟill-eadar ṫar ais mar ċeapadar aċt, mo léan, ní raiḃ an baile le fáġail aca. Do ṡuiḋeadar síos agus ba ġearr gur ṫuiteadar i n-a gcodlaḋ. Nuair do ḋúisiġeadar ḃí sí i n-a

h-oiḋċe ḋuḃ ḋorca, agus ḃí Ciaróg imṫiġṫe uaṫa.

Ar ṫeaċt aḃaile de ṁuintear an ḃaile tar éis a ḃeiṫ ag iasgaireaċt ar feaḋ an lae, ba ḃrónaċ an sgéal a ḃí rómpa.

Ḃí gaċ duine ar an mbaile amuiġ ar an tráiġ. Ḃíodar lán-cinnte go raiḃ Niall beag agus Nóra báiḋte. Do ċuartaiġeadar gaċ cúinne agus do ċuireadar tuairisg ar gaċ taoiḃ. Ċuaiḋ Eoġan aḃaile agus ṫug sé fá deara naċ raiḃ Ciaróg roiṁe.

“Má tá na páistí beo tá Ciaróg i n-aoinḟeaċt leo,” ar seisean.

Amaċ leis ar an gcnoc agus do ċuir sé cúpla fead as. Níor ḃ’ḟada go dtáinig Ciaróg ċuige.

“Cá ḃfuil Niall beag agus Nóra?” arsa Eoġan, ag caint leis an maḋaḋ.

Ar an bpoinnte, d'imṫiġ Ciaróg. Do lean Eoġan é agus níor stop sé gur ṡroiċ sé gleann mór ceiṫre ṁíle o'n mbaile. Fuair sé an ḃeirt ṗáirte agus iad ag gol. Ṫug sé aḃaile leis iad agus ḃí bród ar ṁuintear an ḃaile, agus ní gáḋ a ráḋ go raḃadar buiḋeaċ do Ċiaróg.

Ba haoiḃinn ḃeiṫ beo ins an am fad ó.*

Ba haoiḃinn ḃeiṫ beo ins an am fad ó,
Nuair ḃí fir ar fud na tíre,
'Nuair níor iarraḋ ceart aċt le
treunas beart
Ó na lámaiḃ láidre fíora;
O ba ḣaoiḃinn ḃeiṫ beo
ins an am fad ó,
Oir ḃí laoċraiḋe ansin d'a riaraḋ.

---

* This song, set to music, is to be found in "Irish Minstrel," Part III, by P. Goodman.

Ba haoiḃinn ḃeiṫ beo ameasg fear
fad ó,
'Nuair ba ċogaḋ bróin a mbeaṫa,
'Nuair ḃí Éire saor 'gus a clann fá
réir
Le n-a cosnaṁ a lár an ċaṫa;
'Nuair ḃí sgoṫ na nGaoḋal
Ins a mbearna mbaoġail
'Gus an ċuis aṁáin d'a dtaṫaḋ.

Ba haoiḃinn ḃeiṫ beo ins an am
fad ó
'Nuair in Éirinn áluinn uile,
Ó ḃun go bárr 'gus ó ṁuir go lár
Tugaḋ buille a n-aġaiḋ buille—
'Nuair ḃí lánaċt lann
Agus fir ba ṫeann,
A's ḃí fuil a n-áit deór d'á sileaḋ.

Ba haoiḃinn beiṫ beo ins an am
fad ó
'Nuair ní urlaḃair breáġ ḃí
mearta,
'Nuair ní gul ná guiḋe do ċuir
daoirse faoi,
Aċt ḃí croiḋṫe ár sinnsear lasta
Leis an spiorad cóir—
Ní le santaċt óir;
Sin spiorad ár ndaoineaḋ fearta!

"PATRAIC."

(Ó "Ḟíor-Ċláirsiġ na h-Éireann:; T. O. Ruiséal.
By kind permission of M. H. Gill & Son, Ltd.)

Foclóir.

againn, at us.
agaib, at you.
aca, at them.
acra, *m.*, an acre.
aill, *f.*, a cliff.
áit, *f.*, a place.
Alba, Scotland.
álainn, beautiful.
am, *m.*, time.
ameasg, among.
anall, to here, hither.
anonn, to there, thither.
aníos, up, from below (motion).
anuas, down, from above (motion).
áṫas, *m.*, joy.
ar, our.
ar aġaiḋ, opposite.
Ára, Arran.
aréir, last night.
ar feaḋ, during.
ar fud, throughout.
asgall, *f.*, an armpit.

Ba, cows.
bacaċ, lame.
bádóir, *m.*, a boatman.
báiḋte, drowned.
bailiġ, gather.
bain, cut, take.
báire, hurling.
baoġal, *m.*, danger.
bárr, *m.*, top.
bean, *f.*, a woman.
bearna, *f.*, a gap.
beaṫa, *f.*, life.
beart, *f.*, behaviour.
bearr, shave.
beirt, two persons.
beiṫ, to be.
beo, alive.
bréag, *f.*, a lie.
breaġ, fine.
buiḋeaċ, thankful.
buille, *m.*, a blow.
bun, *m.*, bottom.
bur, your.

Cá, where.
caill, lose.
caipín, *m.*, a cap.
carraig, *f.*, a rock.
caṫ, *m.*, a battle.
ceaċt, *m.*, a task, lesson.
céad, first, hundred.

céad-ṗroinn, *f.*, breakfast.
ceart, *m.*, right.
ceaṫrar, four persons.
ceaṫramaḋ, fourth.
ceiṫre, four.
cinnte, certain.
clann, *f.*, children.
cliste, skilled.
cloċ, *f.*, a stone.
clúdaċ, *m.*, a cover.
cnáṁ, *m.*, a bone.
cnoc, *m.*, a hill.
coill, *f.*, a wood.
cóir, right, just.
codlaḋ, sleep.
cogaḋ, war.
cóṁnuiḋe, living, dwelling.
coinín, *m.*, a rabbit.
congnaḋ, *m.*, help.
cosnaṁ, to protect.
crann, *m.*, a tree.
croċ, hang.
croiḋe, *m.*, heart.
creid, believe.
créfóg, clay.
cruaiḋ, hard.
cuala, heard.
cuardaiġ, searched.
cúig, five.
cúigeaḋ, fifth.
cúigear, five persons.
cúis, *f.*, a cause.
ċugam, towards me.
ċugat, towards thee.
ċuige, towards him.
ċuice, towards her.
ċugainn, towards us.
ċugaiḃ, towards you.
ċuca, towards them.
cuid, a share.
cúinne, a corner.
ċum, to, towards.
cúram, care, charge.

Dara, second.
daoirse, bondage.
dáréag, twelve persons.
dearmad, a mistake.
deas, pretty.
deiċ, ten.
deiċniuḃar, ten persons.
deifir, *f.*, haste.
deiṁeas, *m.*, shears.
deireaḋ, last.
d'en, off the.
deirḃṡiúr, a sister.
deireanaċ, late.
deór, *m.*, a tear.
diaiḋ, after.
diallaid, *f.*, a saddle.
díom, off me.
díot, off thee.
dó, off him.
di, off her.
dínn, off us.
díḃ, off you.
díoḃ, off them.
doċtúir, *m.*, a doctor.
duḃaċ, *m.*, ink.
duḃairt, said.
dúil, *f.*, desire.
duine, *m.*, a person.

éadaċ, *m.*, clothes.
éadan, *m.*, face.
éan, *m.*, a bird.
eiteall, fly.
eoċair, *f.*, a key.

fad ó, long ago.
fairrge, a sea.
fan, wait.
fá réir, ready.
faoileán, *m.*, a sea-gull.
fás, grow.
fata, *m.*, a potato.
féaċ, see, look.
féar, *m.*, grass.
fearaṁail, manly.
feasta, henceforth.
féidir, possible.
feilmeoir, *m.*, a farmer.
fead, a whistle.
fiċe, twenty.
fíor, true.
fios, knowledge.
fliuċ, wet.
fóġṁar, autumn.
folaṁ, empty.
fraoċ, heath.
fuaċt, *m.*, cold.
fuil, *f.*, blood.
fúinn, under us.
fúiḃ, under you.
fúta, under them.
fúiṫe, under her.
fuinnseóg, *f.*, an ash-tree.
fuiseóg, a lark.

gaḃ, go.
gaċ, each, every.
Gaoḋal, a Gael.
garḋa, *m.*, a garden.
géag, *f.*, a branch, a twig.
geal, bright.
geata, *m.*, a gate.
gearr, cut.
geiṁreaḋ, winter.
geit, *f.*, a fright.
gleann, *m.*, a valley.
gnáṫaċ, customary.
gob, *m.*, a beak.
gol, cry.
go leór, much, a great deal.
grán, *m.*, a grain.
gráin, *f.*, hatred.
grian, *f.*, sun.
gloine, *f.*, a glass.
guala, a shoulder.
gul, *m.*, a cry.
gunna, *m.*, a gun.
guiḋe, *f.*, a prayer

iad, them.
iarṫar, west.
iarraiḋ, asking
iasgaireaċt, fishing.
i ḃfad, long, much.
i leiṫ, here (motion).
imṫiġ, go.
i n-aġaiḋ, against.
indiu, to-day.
i n-aice, near.

lár, centre.
lánaċt, fulness.
lann, *f.*, a sword blade.
leabaiḋ, *f.*, a bed.
le h-aġaiḋ, for (purpose).
le h-ais, beside.
le cois, beside.
lean, follow.
leig, let.
leite, porridge.
leiṫéid, likes, equal.
léim, jump.
leisgeaṁail, lazy.
linn, with us.
liḃ, with you.
leo, with them.
loḃṫa, decayed, rotten.
luiḋe, lying.

maḋaḋ, *m.*, a dog.
maidin, *f.*, morning.
maide droiġin, a blackthorn stick.
mair, live.
maise, well [*Inter.*].
máiġistir, *m.*, a master.
mall, slow.
mar, as.
marḃuiġ, kill.
mear, quick.
measta, esteemed.
milis, sweet.
mill, destroy.
millseán, *m.*, a sweet.
moċ, early.
mórán, much.
mór-ḟeisear, seven persons.
moill, *f.*, delay.
mná, *f.*, women.
múin, teach.
múinte, polite.
muintear, people.
múinteóir, *m.*, a teacher.
muir, *f.*, the sea.

Naipcín-póca, *m.*, a handkerchief.
náire, *f.*, shame.
naoi, nine.
naonḃar, nine persons.
nead, *f.*, a nest.
niġ, wash.
nuair, when.

Oċt, eight.
oċtar, eight persons.
oiḋċe, *f.*, a night.
oileán, *m.*, an island.
oir, since.
olc, bad.
ór, *m.*, gold.
orainn, on us.
oraiḃ, on you.
orra, on them.

Páirc, *f.*, a park.
pioc, pick.
préaċán, *m.*, a crow.

Rang, *m.*, a class.
raiṫneaċ, *m.*, ferns.
réiḋtiġ, ready.
riaṁ, ever.
riaraḋ, ruling, pleasing.
riṫ, run.
roiṁ, before.
róṁam, before me.
róṁat, before thee.
roiṁe, before him.
roimpí, before her.
róṁainn, before us.
róṁaiḃ, before you.
rómpa, before them.
ruaḋ, red.

sáiṫ, *f.*, enough.
salaċ, dirty.
santaċt, greediness.
saor, free.
searḃ, bitter.
séaṁaḋ, sixth.
seisear, six persons.
seaċt, seven.
seaċtṁaḋ, seventh.
seisean, he (emph.).
seomra, *m.*, a room.
sgaip, scatter.
sgar, spread.
sgeaċ, *f.*, a bush.
sgeana, knives.
sgíṫ, *f.*, rest.
sgoláire, *m.*, a scholar.
sgoṫ, *f.*, a flower.
siad, they.

sioc, *m.*, frost.
sileaḋ, shedding.
sinne, we (emph.).
sise, she (emph.).
síos, down (motion).
siopa, *m.*, a shop.
sinnsear, ancestors.
siúcra, *m.*, sugar.
siúḃal, walk.
slán, well, healthy.
sliaḃ, *m.*, a mountain.
sméara, berries.
snáṁ, swim.
spideóg, *f.*, a robin.
spiorad, *m.*, spirit.
sroiċ, reach.
stábla, *m.*, a stable.
stáca, a stack.
stad, stop.
suas, up (motion).
suiḋeaċán, *m.*, a desk.

Táilliúr, *m.*, a tailor.
ṫáinig, came.
tada, anything.
tar éis, after.
ṫarm, past or over me.
ṫart, past or over thee.
ṫairis, past or over him.
ṫairsti, past or over her.
ṫarainn, past or over us.
ṫaraiḃ, past or over you.
ṫarsta, past or over them
taoḃ, *f.*, a side.
ṫall, over (rest).

Date Due

taiṫneaṁ, shining.
tar, come.
taṫaḋ, joining.
teaċ, *m.*, a house.
teann, firm.
teiġ, go.
téiriġ, go.
tig, possible.
ṫíos, down (rest).
tinn, sick.
tiormuiġ, dry.
tobac, *m.*, tobacco.
torann, noise.
tráiġ, strand.
trí, three, through.
triúr, three persons.

tríoṁaḋ, third.
tráṫnóna, *m.*, evening
treunas, valour.
truaġ, pity.
tuige, why.
tuit, fall.
ṫuas, up (rest).
tuairisg, tidings.
tuirseaċ, tired.

Uair, *f.*, an hour.
uisge, *m.*, water.
uille, *f.*, an elbow.
uncal, *m.*, an uncle
urċar, *m.*, a shot.
urlabair, speech.

DOLLARD. DUBLIN.

BOSTON COLLEGE
3 9031 01172838 3

DOES NOT CIRCULATE 72

DOES NOT CIRCULATE

O'Catain

BOSTON COLLEGE LIBRARY
UNIVERSITY HEIGHTS
CHESTNUT HILL, MASS.

Books may be kept for two weeks and may be renewed for the same period, unless reserved.

Two cents a day is charged for each book kept overtime.

If you cannot find what you want, ask the Librarian who will be glad to help you.

The borrower is responsible for books drawn on his card and for all fines accruing on the same.

DOLLARD. PRINTINGHOUSE. DUBLIN. LIMITED.
Déanta i nÉirinn
REG Nº 0352.